Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**5865/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0020 (COD)**

**AGRI 43**
**AGRIFIN 10**
**AGRIORG 10**
**AGRISTR 7**
**STATIS 3**
**CODEC 139**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 37 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008, Rialachán (CE) Uimh. 543/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 37 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 37 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2021
COM(2021) 37 final

2021/0020 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008, Rialachán (CE) Uimh. 543/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá staidreamh talmhaíochta Eorpach maidir le talmhaíocht an Aontais Eorpaigh curtha le chéile ag Eurostat leis na deicheanna de bhlianta anuas. Cumhdaíonn siad na gnéithe seo a leanas: struchtúr feirmeacha, na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta, táirgeadh barr agus ainmhithe, feirmeoireacht orgánach, praghsanna talmhaíochta, lotnaidicídí, cothaithigh, agus gnéithe eile agra-chomhshaoil. Is é an phríomhaidhm atá ann go ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) agus ar bheartais thábhachtacha eile an Aontais Eorpaigh agus go dtacófar le ceapadh beartas.

Rinneadh meastóireacht ar an mbailiú sonraí sin in 2016[1] agus cinneadh gur ghá iad a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe atá tagtha ar an talmhaíocht, ar an gcomhbheartas talmhaíochta agus ar bheartais eile an Aontais Eorpaigh lena mbaineann a chur san áireamh. An 'straitéis don staidreamh talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin'[2], is mórchlár é chun staidreamh talmhaíochta an Aontais Eorpaigh a nuachóiriú agus tá sé á dhéanamh ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Cuid den chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) is ea an straitéis, lena dtacaíonn an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, agus tá sé d'aidhm aici an Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta (CEST) a chuíchóiriú agus a fheabhsú. Tá an straitéis i gcomhréir le moltaí idirnáisiúnta ar nós na dtreoirlínte maidir le tuairisciú astaíochtaí gás ceaptha teasa ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus ar nós chaighdeáin Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, agus leis an straitéis cuirtear chun feidhme Straitéis Dhomhanda na Náisiún Aontaithe chun staidreamh talmhaíochta agus tuaithe a fheabhsú.

Ó thaobh an gheilleagair de, is earnáil sách beag í an talmhaíocht, ach cumhdaíonn sí nach mór leath d'achar talún an Aontais Eorpaigh agus leis an earnáil sin, soláthraítear an chuid is mó de bhia an Aontais Eorpaigh, sa dóigh go ndéantar an tsábháilteacht bia agus an tslándáil bia araon a áirithiú. Tá tionchar mór ag an talmhaíocht ar an athrú aeráide agus ar an gcomhshaol, agus is iomaí pobail tuaithe a bhíonn ag brath ar an talmhaíocht. Tá faisnéis ag teastáil ón Aontas Eorpach faoin talmhaíocht, faisnéis atá chomh cruinn agus is féidir chun go mbeidh sé ar chumas an Aontais beartais a cheapadh a rachaidh chun tairbhe dá shaoránaigh uile agus chun buiséad substaintiúil an Chomhbheartais Talmhaíochta agus bearta gaolmhara a leithdháileadh ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí i dtaca le gnéithe éagsúla. Thairis sin, tá an talmhaíocht ina cuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip, go háirithe den straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc'.

Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh rochtain shlán i gcónaí ag na daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas Eorpach ar go leor bia ar ardchaighdeán. Dá bharr sin, ní mór staidreamh tráthrialta a bheith ar fáil i dtaca leis na hachair atá faoi bharra éagsúla agus i dtaca le táirgeadh na mbarr sin, mar aon le hainmhithe agus táirgí díorthaithe. Bíonn tionchar ag an talmhaíocht ar an gcomhshaol freisin. Ní féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin gan faisnéis faoi ionchur na gcothaitheach agus na dtáirgí cosanta plandaí. Is féidir feidhmíocht na hearnála talmhaíochta ina hiomláine a mheasúnú trí úsáid a bhaint as staidreamh ar

[1] SWD(2017)96 - Meastóireacht doiciméid inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin atá ag gabháil leis an doiciméad Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin, agus cásanna reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis sin (Ar fáil i mBéarla amháin).

[2] Https://ec.europa.eu/eurostat/web/agriculture/methodology/strategy-beyond-2020 (ar fáil i mBéarla amháin).

phraghsanna na n-ionchur agus na n-aschur talmhaíochta. Cuidíonn an talmhaíocht le réigiúin agus tírdhreacha tuaithe ar fud an Aontais Eorpaigh a chaomhnú agus leis an ngeilleagar tuaithe a choinneáil ag imeacht trí phoist a chruthú i gcuideachtaí a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí don earnáil, sa tionscal agraibhia agus in earnálacha gaolmhara. Dá bhrí sin, ní mór na gnéithe eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta den talmhaíocht a chumhdach leis an staidreamh talmhaíochta.

Tá Eurostat ag soláthar staidrimh ar bharra agus ainmhithe ó bhí na 1950idí ann agus tá staidreamh ar phraghsanna talmhaíochta, staidreamh ar struchtúr feirmeacha agus staidreamh ar chothaithigh agus táirgí cosanta plandaí áirithe acu ó shin. Tá an staidreamh sin á rialáil faoi reachtaíocht Eorpach a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta nó faoi chomhaontuithe oinigh agus comhaontuithe an Chórais Staidrimh Eorpach (CSE). Mar chuid den mheastóireacht ar an gcóras um staidreamh talmhaíochta atá ann faoi láthair, moladh go láidir cur chuige córasach a ghlacadh ar fud an chórais iomlán um staidreamh talmhaíochta.

Is é an rogha is indéanta de na roghanna a ndearnadh anailís orthu agus is é an rogha a moladh mar bhealach chun cinn gur cheart an staidreamh uile talmhaíochta a chumhdach le trí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an méid seo a leanas:

- sonraí a bhaineann le leibhéal na feirme aonair le tarchur micreashonraí, bunaithe ar chur chuige modúlach lena mbaineann croí-athróga, croí-mhodúil agus croí-shatailítí,
- cuntais eacnamaíocha talmhaíochta, agus
- staidreamh comhiomlánaithe maidir le hionchur/aschur talmhaíochta leis na sonraí i bhfoirm táblaí.

Rinneadh an chéad rialachán, an Rialachán maidir le Staidreamh Comhtháite Feirme (IFS) a ghlacadh in 2018[3], agus tá an dara rialachán, an Rialachán maidir leis na Cuntais Eacnamaíocha Talmhaíochta (CET)[4], ag dul faoi phróiseas nuachóiriúcháin faoi láthair.

Is é an tríú rialachán an togra reachtach atá ann faoi láthair le haghaidh staidrimh maidir le hionchur agus aschur talmhaíochta (SAIO).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Chun go mbeidh lucht ceaptha beartais, gnólachtaí agus an pobal i gcoitinne in ann cinntí a bhfuil údar cuí leo agus atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, tá staidreamh iontaofa agus ar ardcháilíochta de dhíth.

Leis an straitéis don staidreamh talmhaíochta le haghaidh 2020 atá luaite thuas áirítear na príomhchuspóirí seo a leanas:

- staidreamh ardcháilíochta a tháirgeadh a dhéanann freastal éifeachtach agus éifeachtúil ar riachtanais úsáideoirí; agus
- comhchuibhiú agus comhleanúnachas an staidrimh talmhaíochta Eorpaigh a fheabhsú.

[3] Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir leis na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch. 1).

Leis an togra seo tugtar aghaidh ar na cuspóirí sin go díreach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Gné thábhachtach d'obair an Chláir Staidrimh Eorpaigh 2013-2017[5] (síneadh curtha leis 2018-2020[6]) is ea staidreamh ardcháilíochta a sholáthar chun tacú le beartais an Aontais. Faoin gclár sin, tá an staidreamh comhshaoil agus talmhaíochta ar cheann de thrí cholún an táirgthe staidrimh. I measc chuspóirí ábhartha an chláir, áirítear 'bailiú na sonraí talmhaíochta a athbhreithniú agus a shimpliú i gcomhréir leis an athbhreithniú ar an gComhbheartas Talmhaíochta tar éis 2013 agus próisis bailithe sonraí talmhaíochta a athcheapadh, go háirithe chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thráthúlacht na sonraí a sholáthraítear'. Cuireann an tionscnamh seo na cuspóirí sin chun feidhme.

Trí shonraí níos fearr a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na hearnála le haghaidh an chomhshaoil, daoine, réigiún agus an gheilleagair, cuideoidh an Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta le dhá thosaíocht ar a laghad as sé cinn de thosaíochtaí Choimisiún von der Leyen, mar atá:

- Comhaontú Glas don Eoraip leis na straitéisí foluiteacha 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus bithéagsúlachta
- geilleagar a fhóireann do dhaoine.

. Féadfaidh staidreamh talmhaíochta a bheith úsáideach i gcás thosaíochtaí eile an Aontais nó na mBallstát a bhfuil tionchar acu ar an talmhaíocht nó ar an bhforbairt tuaithe nó a bhfuil tionchar ag an talmhaíocht nó ag an bhforbairt tuaithe ar na tosaíochtaí sin.

Thairis sin, leis an togra le haghaidh clár margaidh aonair[7] atá faoi chaibidil idirinstitiúideach faoi láthair, soláthraítear creat chun forbairt, táirgeadh agus scaipeadh an staidrimh Eorpaigh a mhaoiniú. Tá faisnéis staidrimh ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa faoin staid eacnamaíoch, shóisialta, chríochach agus chomhshaoil san Aontas de dhíth chun beartais an Aontais a chur chun feidhme. Ina theannta sin, leis an staidreamh Eorpach tugtar an deis do shaoránaigh Eorpacha an próiseas daonlathach agus an díospóireacht maidir le staid reatha agus todhchaí an Aontais a thuiscint agus páirt a ghlacadh iontu. Maidir leis an staidreamh talmhaíochta, tá béim ar shonraí tráthúla ábhartha a sholáthar chun freastal ar riachtanais an chomhbheartais talmhaíochta, an chomhbheartais iascaigh agus na mbeartas a bhaineann leis an gcomhshaol, le slándáil bia agus le leas ainmhithe.

Leis an staidreamh talmhaíochta, soláthraítear fianaise ardcháilíochta chun an Comhbheartas Talmhaíochta a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh air. Spreagadh tábhachtach é an Comhbheartas Talmhaíochta le haghaidh post agus fás cliste inbhuanaithe cuimsitheach san Aontas. De bhreis ar na cuspóirí sóisialta atá ag an mbeartas forbartha tuaithe, ar beartas é atá ina dhlúthchuid den Chomhbheartas Talmhaíochta, tá sé d'aidhm aige iomaíochas agus inbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta a fheabhsú. Is ionann an Comhbheartas Talmhaíochta agus breis is 37 % de bhuiséad iomlán an Aontais i gcomhthéacs Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 (CAI).

---

[5] Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17 (IO L 39, 9.2.2013, lch. 12).

[6] Rialachán (AE) 2017/1951 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 maidir le clár staidrimh Eorpach 2013-17, trína fhadú go 2020 (IO L 284, 31.10.2017, lch. 1).

[7] COM (2018) 441

Ina theannta sin, is mó an gá atá leis an staidreamh talmhaíochta le haghaidh bheartais thábhachtacha eile an Aontais, mar shampla, an Comhaontú Glas don Eoraip, beartais don chomhshaol agus don athrú aeráide, an beartas trádála, an beartas sóisialta, an beartas réigiúnach agus mar sin de.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Tá Airteagal 338 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ina bhunús dlí don staidreamh Eorpach. Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, glacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta le haghaidh staidreamh táirgthe, i gcás inar gá sin, chun go bhféadfaidh an tAontas a ról a fheidhmiú. Leagtar amach in Airteagal 338 na ceanglais maidir le staidreamh Eorpach a tháirgeadh, agus sonraítear nach mór caighdeáin neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchais eolaíochta, éifeachtúlachta costais, agus rúndachta staidrimh a chomhlíonadh.

Tá Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] ina bhunús dlí le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta.

### • Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta ós rud é nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Leis an gCóras Staidrimh Eorpach, cuirtear bonneagar faisnéise staidrimh ar fáil. Tá an córas ceaptha chun freastal ar riachtanais úsáideoirí iomadúla, chun críche na cinnteoireachta i sochaithe daonlathacha. Dréachtaíodh an togra le haghaidh an Rialacháin seo chun príomhghníomhaíochtaí chomhpháirtithe an Chórais Staidrimh Eorpaigh a chosaint agus, ag an am céanna chun cáilíocht agus inchomparáideacht an staidrimh talmhaíochta a áirithiú.

Ceann de na príomhchritéir nach mór comhlíonadh leis na sonraí staidrimh go gcaithfidh siad a bheith comhsheasmhach agus inchomparáide. Ní féidir leis na Ballstáit comhsheasmhacht agus inchomparáideacht a bhaint amach mar is gá gan creat Eorpach soiléir a bheith ann, is é sin le rá reachtaíocht de chuid an Aontais ina leagtar amach coincheapa comhchoiteanna staidrimh, formáidí tuairiscithe agus ceanglais cháilíochta.

Is gné ríthábhachtach den staidreamh talmhaíochta é an ceanglas inchomparáideachta mar gheall ar an gComhbheartas Talmhaíochta. Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir an togra atá beartaithe a bhaint amach i gceart más ag gníomhú go neamhspleách ar a chéile a bheidh siad. Is féidir gníomhú ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais, ar bhonn gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais lena n-áirithítear inchomparáideacht na faisnéise staidrimh ar leibhéal an Aontais sna réimsí staidrimh a chumhdaítear leis an ngníomh atá beartaithe. Idir an dá linn, féadfaidh na Ballstáit na sonraí féin a bhailiú.

### • Comhréireacht

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta i bhfianaise an méid seo a leanas:

---

[8] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

De bharr an togra, déanfar cáilíocht agus inchomparáideacht an staidrimh talmhaíochta Eorpaigh a bhailítear ó shamplaí a áirithiú trí na prionsabail chéanna a chur i bhfeidhm ar fud na mBallstát. Ar an gcaoi chéanna, áiritheofar go mbeidh an staidreamh talmhaíochta Eorpach fós ábhartha agus go ndéanfar é a oiriúnú chun freagairt do riachtanais na n-úsáideoirí. A bhuí leis an Rialachán, beifear in ann staidreamh a tháirgeadh ar bhonn níos costéifeachtúla agus ag an am céanna sainiúlachtaí chórais na mBallstát á n-urramú.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní bhaineann an rialachán atá beartaithe ach leis an íosmhéid a theastaíonn chun a chuspóir a bhaint amach agus ní théann sé thar an méid atá riachtanach don chuspóir sin.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán.

Is é rialachán an ionstraim is cuí sa chás seo mar gheall ar chuspóirí agus ábhar an togra. Bíonn comhbheartais thábhachtacha an Aontais, ar nós an Chomhbheartais Talmhaíochta, ag brath go mór ar staidreamh talmhaíochta ar leibhéal an Aontais atá inchomparáide, comhchuibhithe agus d'ardcháilíocht. Is fearr is féidir iad sin a bhaint amach trí rialacháin atá infheidhme go díreach sna Ballstáit agus nach gá a thrasuí sa dlí náisiúnta ar dtús.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Léirigh an mheastóireacht a rinneadh ar an gcóras Eorpach um staidreamh talmhaíochta i dtaca leis an straitéis don staidreamh talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin an gá atá le cur chuige níos córasaí sa réimse trí chéile.

Seo a leanas a léiríodh i meastóireacht an chórais um staidreamh talmhaíochta:

- ní dhéanann an reachtaíocht maidir leis an staidreamh talmhaíochta atá ann faoi láthair freastal leordhóthanach ar riachtanais sonraí, idir riachtanais nua agus riachtanais atá ag teacht chun cinn, toisc nach ndéantar foráil dóibh sa reachtaíocht sin. Thairis sin, níl na gníomhartha dlíthiúla sách solúbtha ná sách comhtháite chun freagairt go tráthúil do riachtanais nua;
- níl an Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta sách solúbtha agus níl sé ag freagairt sách tapa do riachtanais atá ag teacht chun cinn, rud atá mar thoradh go páirteach ar fheidhmiú bunúsach staidrimh agus go páirteach ar an mbealach a cuireadh na rialacháin ar bun, ach tá sé mar thoradh freisin ar easpa buiséid agus acmhainní daonna;
- ní sásúil a chomhchuibhithe agus a chomhleanúnaí atá bailiú na sonraí ar an ábhar go bhfuil riachtanais nua sonraí ag teacht chun cinn, gur ceapadh an reachtaíocht ar leithligh le cuid mhór blianta, agus go bhfuil sainmhínithe agus coincheapa ann uaireanta atá difriúil óna chéile i réimsí éagsúla na talmhaíochta;
- d'fhéadfaí an staidreamh a tháirgeadh ar bhealach ní b'éifeachtúla dá ndéanfaí an reachtaíocht a oiriúnú chun go bhféadfaí foinsí éagsúla faisnéise a úsáid agus dá rachadh na Ballstáit in oiriúint don teicneolaíocht nua-aimseartha.

Rinneadh comhairliúchán poiblí le haghaidh na meastóireachta, agus leagtar amach na torthaí i dtuarascáil ar leith[9].

Thángthas ar an gconclúid sa straitéis um staidreamh talmhaíochta nach mór an staidreamh talmhaíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm mar chóras, córas ina mbeidh na codanna uile in oiriúint dá chéile chun go mbeidh an t-aschur i bhfad níos mó ná suim na gcodanna. Thairis sin, ní mór don staidreamh talmhaíochta a bheith in oiriúint gan uaim don Chóras Staidrimh Eorpach ina iomláine. Ní mór d'fhoinsí sonraí éagsúlaithe a bheith ann. Ní mór foinsí eile sonraí a úsáid nuair is féidir; ní mór don teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus teicneolaíochtaí nua eile (e.g. mórshonraí, nuálaíochtaí atá bunaithe ar thaighde) a bheith comhtháite; ní mór éifeachtacht agus éifeachtúlacht na modhanna bailithe sonraí a mheasúnú de réir na riachtanas sonraí agus na gcritéar cáilíochta, agus ba cheart fáil réidh leis na píopaí soirn atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Déanann Eurostat an staidreamh talmhaíochta Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh trí bhíthin dlúthchomhar comhordaithe rialta laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach, comhar atá tógtha ar chomhpháirtíocht sheanbhunaithe idir Eurostat agus na hoifigí staidrimh náisiúnta (NSI) chomh maith leis na húdaráis ábhartha eile.

Ar an bhforiomlán agus i dtaca leis an 'Straitéis um Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin', is iad príomhchatagóirí na bpáirtithe leasmhara maidir leis an staidreamh talmhaíochta Eorpach táirgeoirí sonraí (Oifigí Staidrimh Náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile chomh maith le Eurostat), freagróirí (feirmeoirí, eagraíochtaí feirmeoirí agus gnólachtaí) agus úsáideoirí (lucht taighde, iriseoirí agus lucht cinnteoireachta idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, go háirithe Ard-Stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin). Chuathas i gcomhairle go forleathan leis na páirtithe leasmhara sin maidir le fadhbanna sa chaoi a ndéantar an obair faoi láthair agus na hathruithe atá ag teastáil uathu, chomh maith leis na riachtanais agus na tosaíochtaí atá acu ó thaobh sonraí de, mar aon leis na roghanna féideartha beartais chun na fadhbanna a réiteach, tionchar na ngníomhaíochtaí a mholtar agus foirmliú sonrach na straitéise. Is iad seo a leanas na príomhfhóraim ina ndearnadh na comhairliúcháin sin: (i) cruinnithe agus seimineáir an Bhuanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta (BST) agus a chomharba, an Grúpa Stiúrthóirí i gcomhair an Staidrimh Talmhaíochta (GSST) (atá comhdhéanta de stiúrthóirí staidreamh talmhaíochta na n-Oifigí Staidrimh Náisiúnta) áit a mbíonn éisteacht go minic ag Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus eagraíochtaí feirmeoirí, (ii) cruinnithe an Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (atá comhdhéanta d'Ard-Stiúrthóirí na n-Oifigí Staidrimh Náisiúnta), agus (iii) comhairliúcháin agus éisteachtaí a sceidealaíodh go tráthrialta laistigh de Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin. Thairis sin, foilsíodh treochlár an togra maidir leis an staidreamh ar ionchur/aschur talmhaíochta ar ardán an Choimisiúin 'Cloisimis uait' le haghaidh 4 seachtaine d'aiseolas ón bpobal.

Cuireadh torthaí na gcomhairliúchán sin ar fad san áireamh sa mheastóireacht atá luaite thuas agus le linn fhorbairt an togra.

---

9 Leathanach gréasáin Eurostat le haghaidh comhairliúcháin phoiblí: http://ec.europa.eu/eurostat/about/opportunities/consultations/eass
Tuarascáil ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte: http://ec.europa.eu/eurostat/documents/10186/6937766/Agricultural-Statistics-Strategy-2020-Report.docx (Ar fáil i mBéarla amháin).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhí plé forleathan faoi ábhar an togra ag Eurostat leis na hOifigí Staidrimh Náisiúnta trí thascfhórsaí sonracha agus trí ghrúpaí saineolaithe atá ann cheana, lena n-áirítear ar leibhéal na stiúrthóirí.

Tíolacadh an togra don Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach freisin i mí Dheireadh Fómhair 2020.

- **Measúnú tionchair**

Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach i dtaca leis an measúnú tionchair ar an straitéis um staidreamh talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin[10], a bhfuil an staidreamh ar ionchur/aschur talmhaíochta mar chuid de[11].

Rinneadh an measúnú tionchair sin ag leibhéal na straitéise de thairbhe an chur chuige chórasaigh ar fud an chórais iomlán um staidreamh talmhaíochta le cinntiú go mbeidh na codanna uile in oiriúint dá chéile.

Breithníodh ar cheithre rogha:

(1) an cás bunlíne – ní ghníomhóidh an tAontas Eorpach i leith sonraí struchtúrtha talmhaíochta : mar thoradh ar an rogha seo, d’fhágfaí an próiseas bailithe sonraí faoi na Ballstáit agus bheadh cur chuige éagsúil agus cáilíochtaí éagsúla ann dá bharr.

(2) Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 a fhadú: mar thoradh ar an rogha seo, leanfaí de chúrsaí faoi mar atá siad faoi láthair.

(3) creat aonair dlíthiúil le haghaidh an staidrimh talmhaíochta uile: mar thoradh ar an rogha seo, dhéanfaí an próiseas bailithe sonraí don staidreamh talmhaíochta uile a chomhtháthú in aon chreat-rialachán nua amháin.

(4) comhtháthú a dhéanamh ar an staidreamh talmhaíochta de réir cur chuige dhá chéim: mar thoradh ar an rogha seo, chaomhnófaí buntáistí rogha 3 agus, ag an am céanna, chuirfí le solúbthacht agus laghdófaí an brú ama trí dhá chreat-rialachán nua a chruthú in dhá chéim shainiúla.

Is é rogha 4 an rogha thosaíochta mar, leis an rogha sin, tugtar an deis is fearr na cuspóirí a bhaint amach.

Cinneadh sa mheasúnú tionchair gur cheart don Chóras Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta, mar rogha thosaíochta, a chumhdach le trí rialachán i ndeireadh na dála. Rialacháin nua a bheadh i ndá cheann de na rialacháin sin agus a bheadh in áit roinnt seanrialacháin de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le staidreamh talmhaíochta. Glacadh an chéad cheann de na rialachán sin in 2018, Rialachán (AE) 2018/1091 maidir le staidreamh comhtháite feirme (IFS), lena gcumhdaítear sonraí a bhaineann le struchtúr feirme, úlloird agus fíonghoirt. Is é an dara ceann an togra seo le haghaidh rialacháin maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta (SAIO), lena gcumhdaítear ionchuir agus aschuir na earnála talmhaíochta: táirgeadh talmhaíochta (barra agus ainmhithe) lena n-áirítear feirmeoireacht orgánach, praghsanna talmhaíochta, cothaithigh agus táirgí cosanta plandaí. Bainfidh an tríú rialachán, dá dtagraítear sa mheasúnú tionchair, le leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 maidir leis na Cuntais Eacnamaíocha Talmhaíochta (CET). Ós rud é gur cuntas satailíte de

10 SWD (2016)430.

11 Measúnú tionchair, Achoimre ar an measúnú tionchair, Tuairim ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála(Ar fáil i mBéarla amháin).

chuid na gcuntas náisiúnta iad na Cuntais Eacnamaíocha Talmhaíochta agus de chineál maicreacnamaíoch iad, níor moladh iad a chomhtháthú leis na creat-rialacháin nua. Ina ionad sin, moladh go bhfanfadh siad faoi réir reachtaíocht neamhspleách, mar a bhí ó tháinig an rialachán maidir leis na Cuntais Eacnamaíocha Talmhaíochta i bhfeidhm den chéad uair in 2004, agus go ndéanfaí iad agus forbairt an staidrimh ar ionchur agus aschur talmhaíochta a nuachóiriú go comhuaineach.

Reachtaíocht riaracháin go príomha is ea an reachtaíocht staidrimh agus is ar úsáideoirí na sonraí (Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin atá ag obair ar bheartais den chuid is mó), lucht táirgthe na sonraí (Oifigí Staidrimh Náisiúnta), agus na freagróirí sonraí (feirmeoirí) a bhíonn tionchar aici. Dá bhrí sin, is beag tionchar díreach a bhíonn aici ar an ngeilleagar, ar an tsochaí ná ar an gcomhshaol. Baineann na príomhchostais dhíreacha a thabhóidh na páirtithe leasmhara le dul in oiriúint do chórais nua staidrimh agus teicneolaíochta. Idir an meántéarma agus an fadtéarma, measadh go dtiocfadh laghdú beag ar an ualach agus go mbeadh sábháil costais mar thoradh ar na gníomhaíochtaí nuachóirithe. Is ó cheanglais chumhdaigh laghdaithe Rialachán (AE) 2018/1091 a thiocfadh formhór an choigiltis. Caithfear costais an staidrimh a mheas i gcomhthéacs na dtairbhí a bhaineann leis don tsochaí ach freisin caithfear iad a mheas i gcomhthéacs an chostais a bheadh ann mura raibh fáil ar an staidreamh, nó mura mbeadh ann ach staidreamh ar cháilíocht íseal.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is cuid é an togra de ‘straitéis don staidreamh talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin’, mórchlár chun staidreamh talmhaíochta an Aontais Eorpaigh a nuachóiriú agus atá á dhéanamh ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Tá sé d’aidhm ag an straitéis go háirithe, an Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta a chuíchóiriú agus a fheabhsú; tacaíonn an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach leis an straitéis freisin, agus is cuid í den chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), a bhfuil sé d’aidhm aici an Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta a chuíchóiriú agus a fheabhsú.

Faoi láthair is ar roinnt píosaí éagsúla reachtaíochta agus comhaontuithe atá an staidreamh talmhaíochta bunaithe. Ba cheart iad sin ar fad a thabhairt le chéile chun cur chuige córasach a chruthú. Simpleoidh sé sin na córais a úsáidtear chun sonraí staidrimh a bhailiú. Tá pleananna ann freisin úsáid foinsí sonraí éagsúla a cheadú, cianbhraiteacht san áireamh, rud a laghdóidh an t-ualach ar fhreagróirí.

Cumhdaítear leis an togra seo táirgeadh talmhaíochta comhiomlánaithe (barra agus ainmhithe) lena n-áirítear feirmeoireacht orgánach, praghsanna talmhaíochta, cothaithigh agus táirgí cosanta plandaí. Pléann siad le hionchuir thalmhaíochta (praghsanna síolta, lotnaidicídí, beatha etc.) agus aschuir thalmhaíochta (táirgeadh agus praghsanna barra agus ainmhithe). Is féidir na sonraí a bhailiú ó fheirmeacha, foinsí riaracháin, idirghabhálaithe (déirithe etc.), mórdhíoltóirí agus eagraíochtaí margaíochta, agus is minic go mbíonn méid áirithe meastacháin ó shaineolaithe sna sonraí. Agus creat comhleanúnach á thabhairt isteach, ceadófar go suntasach d’fhorbairt struchtúir dhlíthiúil chomhtháite, chomh maith le pleanáil níos fearr agus comhleanúnachas na suirbhéanna agus bailiú sonraí eile.

- **Cearta bunúsacha**

Níl iarmhairtí ar bith ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh tionchar airgeadais ag an togra ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Ní áirítear leis an togra cistiú bhailiú na sonraí tráthrialta, ach déantar foráil ann do chómhaoiniú an Aontais i dtaca le bailiú sonraí *ad hoc*. Ní fios cén t-uainiúchán a bhaineann leis seo. D'fhéadfaí a bheith ag súil leis na céad bhailiú sonraí *ad hoc* 2 bhliain ar a luaithe tar éis don rialachán atá beartaithe teacht i bhfeidhm. Ós rud é nach mbíonn eolas faoi na bailiú sonraí sin roimh ré, ní féidir faisnéis ar bith a thabhairt faoi na himpleachtaí buiséadacha a ghabhann leo. A thúisce a bheidh gá leis na bailiú sonraí *ad hoc*, déanfar meastóireacht ar na costais lena mbaineann agus tabharfar mionsonraithe breise ina gcoinne maidir le dréachtú na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme agus i gcás ar bith beidh siad faoi chumhdach ag na leithreasuithe arna leithdháileadh ar chlúdaigh airgeadais na gclár ábhartha atá san áireamh i mbuiséad an Aontais Eorpaigh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Meastar gur in 2022 a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an rialachán atá beartaithe agus go nglacfaidh an Coimisiún na bearta cur chun feidhme tamall gearr ina dhiaidh sin. Beidh an rialachán infheidhme go díreach i mBallstáit uile an Aontais Eorpaigh gan aon ghá le plean cur chun feidhme.

De réir an rialacháin nua, táthar ag súil leis go dtosóidh na Ballstáit ar shonraí a sholáthar don Choimisiún in 2023.

Is cuid den Chóras Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta an ionstraim reachtach atá beartaithe agus beidh sí faoi réir ag meastóireacht thráthrialta d'fhonn measúnú a dhéanamh, i measc rudaí eile, ar cé chomh héifeachtach agus cé chomh héifeachtúil a bhí sé maidir leis na cuspóirí a bhaint amach agus chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá le bearta nua nó leasuithe.

- **Faireachán ar chomhlíonadh an staidrimh a tháirgtear**

Déanann Eurostat measúnuithe tráthrialta ar chomhlíonadh. Sna measúnuithe sin, áirítear athbhreithniú ar infhaighteacht, ar cháilíocht agus ar thráthúlacht na sonraí mar aon le gníomhaíochtaí leantacha i gcás neamhchomhlíonadh.

I gcomhréir le ceanglais reachtaíochta an Aontais, iarrtar ar na Ballstáit an fhaisnéis is ábhartha maidir leis an staidreamh talmhaíochta a chur ar fáil don Choimisiún. Beidh an fhaisnéis sin faoi réir spriocdhátaí dochta don tarchur, spriocdhátaí nach mór cloí leo ionas go ndéanfar dea-bhainistiú an staidrimh Eorpaigh agus ionas go n-áiritheofar scaipeadh agus fóint an staidrimh, óir, is i ngeall ar shonraí atá in easnamh nó atá neamhiomlán go mbíonn easnaimh ann maidir le hinfhaighteacht na faisnéise (is é sin le rá nach féidir comhiomláin a ríomh don Aontas nó nach féidir sonraí a fhoilsiú de réir sceideal ama pleanáilte).

Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 is ea an creat bunúsach dlí le haghaidh fheidhmiú an Chórais Staidrimh Eorpaigh agus an reachtaíocht earnála ar fad a bhaineann le táirgeadh an staidrimh Eorpaigh.

In ainneoin go bhfuil an tráthúlacht, an phoncúlacht agus an iomláine ina dtosca tábhachtacha sna measúnuithe ar chomhlíonadh chun scaipeadh tráthúil an staidrimh talmhaíochta a

áirithiú, tabharfar breis airde ar na gnéithe cáilíochta atá luaite thuas agus ar chinn eile nach iad chun a dheimhniú go mbeidh muinín ag úsáideoirí as an staidreamh a tháirgeann Eurostat agus an Córas Staidrimh Eorpach.

- **An Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta a fheabhsú go leanúnach: riachtanais nua le sonraí agus foinsí nua sonraí a shainaithint, comhleanúnachas a fheabhsú, ualach a laghdú**

Faoi láthair, eagraíonn Eurostat éisteachtaí bliantúla le hArd-Stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin. Is cuid thábhachtach de na héisteachtaí sin an malartú faisnéise maidir leis na cláir oibre faoi seach. Sna héisteachtaí sin, cuirtear ardán foirmiúil ar fáil le go bhféadfar riachtanais atá ag teacht chun cinn i gcomhair sonraí nua a chur in iúl agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhóint an staidrimh atá ar fáil.

Déantar tuilleadh oibre i gcomhar le hArd-Stiúrthóireachtaí eile de chuid an Choimisiúin, le hOifigí Staidrimh Náisiúnta agus le húdaráis náisiúnta eile ar leibhéil éagsúla ordlathacha i gcruinnithe agus i seimineáir rialta Meithle, i gcruinnithe Grúpa Stiúrthóirí, i gcruinnithe an Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, agus trí bhíthin malartuithe déthaobhacha rialta. Díreofar aire, go háirithe, ar shonraí riaracháin agus ar fhoinsí eile faisnéise a shainaithint a choinnítear ar bun faoi reachtaíocht an Aontais agus ar mheasúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht chun staidreamh a tháirgeadh d'fhonn comhaontuithe a chur ar bun le go sásóidh cobhsaíocht, inrochtaineacht agus cur in oiriúint na sonraí agus na faisnéise sin na ceanglais staidrimh amach anseo. Thairis sin, déanfar suirbhéanna agus anailísí go tráthrialta chun bealaí a shainaithint lena bhféadfaí feabhas a chur ar an staidreamh talmhaíochta Eorpach agus an t-ualach a laghdú.

Déanfar, go háirithe, faireachán agus measúnú ar na coigeartuithe sin agus ar fheidhmiú foriomlán an chreata dhlíthiúil de réir na gcuspóirí straitéiseacha atá luaite thuas.

- **Tuarascálacha faireacháin tríbhliantúla**

Tabharfar tuarascáil tráthrialta ar fheidhmiú an chórais ina iomláine gach 3 bliana chun faireachán a dhéanamh ar an gCóras Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta athchóirithe agus chun a áirithiú go gcuirfí i gcrích cuspóirí an chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála, is iad sin simpliú agus laghdú ualaigh.

- **Meastóireacht**

Déanfar meastóireacht shiarghabhálach ar an gCóras Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta athchóirithe in ionad an dara tuarascáil faireacháin thríbhliantúil agus déanfar an mheastóireacht sin de réir treoirlínte meastóireachta an Choimisiúin. Féadfaidh an mheastóireacht sin a bheith mar bhonn do thuilleadh athbhreithnithe ar an reachtaíocht, má mheastar gur gá sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an rialachán atá beartaithe sonraítear ábhair an staidrimh maidir le hionchuir agus aschuir thalmhaíochta. Sainítear nach mór do na Ballstáit staidreamh a sholáthar ar 4 réimse agus 12 thopaic ghaolmhara. Staidreamh ar tháirgeadh ainmhithe, staidreamh ar tháirgeadh barr, staidreamh ar phraghsanna talmhaíochta agus staidreamh ar chothaithigh agus táirgí cosanta plandaí atá sna réimsí. Tugtar tacaíocht dó sin le hairteagail a bhaineann le hábhar, sainmhínithe, pobal staidrimh agus aonaid bhreathnóireachta, cumhdach, minicíocht

tarchurtha sonraí, foinsí sonraí agus modhanna, tréimhsí tagartha, sonraíochtaí cáilíochta, agus ranníocaíochtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann. Thairis sin, foráiltear leis an rialachán gur féidir ábhair shonracha *ad hoc* a bhaineann le hionchuir agus aschuir thalmhaíochta a thabhairt isteach a fhorlíonann na sonraí a bhailítear go tráthrialta.

Déanfar na tacair sonraí mhionsonraithe a shonrú sna gníomhartha cur chun feidhme (rialacháin).

2021/0020 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008, Rialachán (CE) Uimh. 543/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá gá le bonn eolais staidrimh le haghaidh dhearadh, chur chun feidhme, fhaireachán, mheastóireacht agus athscrúdú na mbeartas a bhaineann leis an talmhaíocht san Aontas, go háirithe an comhbheartas talmhaíochta (‘CBT’), lena n-áirítear bearta forbartha tuaithe, chomh maith le beartais an Aontais a bhaineann, i measc nithe eile, leis an gcomhshaol, leis an athrú aeráide, le húsáid talún, le réigiúin, le sláinte phoiblí agus le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

(2) Ba cheart é a bheith mar aidhm le bailiú sonraí staidrimh, go háirithe maidir le hionchur agus aschur talmhaíochta, i measc cuspóirí eile, bonn eolais a chur faoin bpróiseas cinnteoireachta le sonraí nuashonraithe chun tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip tríd na straitéisí gaolmhara ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus ‘bithéagsúlachta’ agus tríd na hathchóirithe a dhéanfar ar an gComhbheartas Talmhaíochta amach anseo.

(3) Tá tábhacht le sonraí staidrimh atá comhchuibhithe agus d’ardcháilíocht chun measúnú a dhéanamh ar staid agus treochtaí an ionchuir agus an aschuir thalmhaíochta san Aontas, ar fheidhmiú na margaí, agus ar an tslándáil bia agus chun measúnú a dhéanamh ar an inbhuanaitheacht chomh maith leis na tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann le beartais an Aontais agus beartais náisiúnta. Áirítear ar na sonraí sin staidreamh beostoic agus feola, táirgeadh agus úsáid uibheacha, táirgeadh bainne agus úsáid bhainne agus táirgeadh agus úsáid táirgí bainne, ach níl siad teoranta do na nithe sin. Tá tábhacht freisin le staidreamh maidir le hachar, táirgeacht agus táirgeadh i dtaca le barra curaíochta, glasraí, barra buana éagsúla, féarthailte agus comharduithe táirgí príomhúla. Tá ag méadú ar an ngá le staidreamh maidir le díolachán agus úsáid táirgí cosanta plandaí agus leasachán.

(4) De thoradh meastóireacht idirnáisiúnta a rinneadh ar an staidreamh talmhaíochta, ceapadh straitéis dhomhanda chun staidreamh talmhaíochta agus tuaithe Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe a fheabhsú, ar straitéis í a d'fhormhuinigh Coiste Staidrimh na Náisiún Aontaithe in 2010. Ba cheart an staidreamh talmhaíochta Eorpach, i gcás inarb iomchuí, a bheith i gcomhréir le moltaí na straitéise domhanda sin.

(5) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [(12)], déantar foráil maidir le creat lena ndéanfar an staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh bunaithe ar phrionsabail choiteanna staidrimh. Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, bunaítear critéir cháilíochta agus tagraítear don ghá atá ann go ndéanfaí an t-ualach freagartha ar fhreagróirí suirbhé a íoslaghdú agus don ghá rannchuidiú leis an gcuspóir níos ginearálta atá ann maidir le hualaí riaracháin a laghdú.

(6) Leis an straitéis don staidreamh talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin [(13)], a d'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (CCSE) i Samhain 2015, beartaítear dhá chreat-rialachán a ghlacadh lena gcumhdaítear gach gné de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir leis an staidreamh talmhaíochta, cé is moite de na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta. Tá an Rialachán seo ar cheann den dá chreat-rialachán sin agus ba cheart an creat-rialachán atá glactha cheana féin, Rialachán (AE) 2018/1091[(14)], a chomhlánú leis.

(7) Faoi láthair déantar an staidreamh Eorpach maidir le hionchuir agus aschuir thalmhaíochta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh ar bhonn roinnt gníomhartha dlíthiúla. Ní sholáthraítear leis an struchtúr seo an chomhsheasmhacht chuí a theastaíonn idir na réimsí staidrimh ar leith, ná ní chothaítear leis cur chuige comhtháite ach oiread i leith staidrimh talmhaíochta a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Ba cheart an Rialachán seo a chur in ionad na ngníomhartha dlíthiúla sin chun críocha chomhchuibhiú agus inchomparáideacht na faisnéise, agus chun comhsheasmhacht agus comhordúchán a áirithiú sa staidremh talmhaíochta Eorpaigh trí chéile, agus chun comhtháthú agus cuíchóiriú na bpróiseas comhfhreagrach staidrimh a éascú, agus chun cur chuige níos iomlánaí a chumasú. Is gá, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008 [(15)], Rialachán (CE) Uimh. 543/2009 [(16)] agus Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [(17)]

---

12 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

13 https://ec.europa.eu/eurostat/web/agriculture/methodology/strategy-beyond-2020

14 Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1).

15 Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le staidreamh beostoic agus feola agus lena n-aisghairtear Treoir 93/23/CEE, Treoir 93/24/CEE agus Treoir 93/25/CEE ón gComhairle (IO L 321, 1.12.2008, lch. 1).

16 Rialachán (CE) Uimh. 543/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le staidreamh i ndáil le barra agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 837/90 agus Rialachán (CEE) Uimh. 959/93 ón gComhairle (IO L 167, 29.6.2009, lch. 1).

17 Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le staidreamh i dtaca le lotnaidicídí (IO L 324, 10.12.2009, lch. 1).

agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle [18] a aisghairm. Ba cheart an iliomad comhaontuithe gaolmhara maidir leis an gCóras Staidrimh Eorpach (CSE) agus comhaontuithe oinigh maidir le tarchur sonraí a chomhtháthú sa Rialachán seo i gcásanna ina bhfuil fianaise go gcomhlánaíonn na sonraí riachtanais na n-úsáideoirí, go n-oibríonn an mhodheolaíocht chomhaontaithe agus go bhfuil na sonraí de cháilíocht iomchuí.

(8) Tá an staidreamh a cheanglaítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún [19] bailithe ag an gCóras Staidrimh Eorpach, ag comhlíonadh cuid dá chaighdeáin cháilíochtaí ach ní iad ar fad. Tacaíonn an staidreamh sin le beartais Eorpacha agus beartais náisiúnta go fadtréimhseach agus ba cheart é a chomhtháthú mar staidreamh Eorpach chun infhaighteacht agus cáilíocht na sonraí a ráthú. Chun tuairisciú dúbailte ó na Ballstáit a sheachaint, ba cheart deireadh a chur leis na ceanglais staidrimh faoi Rialachán (CE) Uimh. 617/2008.

(9) Féarthailte is ea cuid mhór d'achar talmhaíochta na hEorpa. Níor measadh roimhe seo go raibh tábhacht le táirgeadh na limistéar sin, mar sin níor áirithíodh sonraí táirgeachta ina leith sa staidreamh i ndáil le barra. De bharr an athraithe aeráide, tá níos mó tábhacht le tionchar na bhféarthailte agus na n-athchogantach ar an gcomhshaol agus tá gá le staidreamh maidir le táirgeadh féarthalaimh agus innilt ainmhithe.

(10) Chun críocha chomhchuibhiú agus inchomparáideacht na faisnéise faoi ionchur agus aschur talmhaíochta le faisnéis faoi struchtúr gabháltas talmhaíochta agus chun an straitéis don staidreamh talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin a chur chun feidhme a thuilleadh, ba cheart an Rialachán seo Rialachán (AE) 2018/1091 a chomhlánú.

(11) Ní chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [20] staidreamh ar phraghsanna talmhaíochta, ach ba cheart infhaighteacht agus comhleanúnachas an staidrimh leis na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta (CET) a áirithiú. Ós rud é gur cuntas satailíte de chuid na gcuntas náisiúnta iad na Cuntais Eacnamaíocha Talmhaíochta, níl sé iomchuí staidreamh ar phraghsanna talmhaíochta a áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 138/2004. Dá bhrí sin, ba cheart staidreamh ar phraghsanna ionchuir talmhaíochta atá ag teacht leis na Cuntais Eacnamaíocha Talmhaíochta a chumhdach faoi staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta. Ba cheart sonraí maidir le praghsanna iomlána aschuir talmhaíochta a bheith ar fáil sna Ballstáit chun go mbeifí in ann ríomhanna na gcuntas eacnamaíocha talmhaíochta agus innéacsanna praghsanna inchomparáide a dhéanamh.

(12) Sonraí maidir le cur ar an margadh agus úsáid lotnaidicídí, ar sonraí iad atá siad le cur isteach de bhun Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [21] agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

---

18 Treoir 96/16/CE ón gComhairle an 19 Márta 1996 maidir le suirbhéanna staidrimh ar bhainne agus ar tháirgí bainne (IO L 78, 28.3.1996, lch. 27).

19 Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 maidir le caighdeáin mhargaíochta uibheacha goir agus sicíní éanlaithe clóis (IO L 168, 28.6.2008, lch. 5).

20 Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir leis na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch. 1).

21 Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

[22], ba cheart iad a úsáid i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Treoir sin agus den Rialachán sin chun críocha cheanglais an Rialacháin seo.

(13) Tá tábhacht le staidreamh inchomparáide ó na Ballstáit go léir maidir le hionchur agus aschur talmhaíochta chun forbairt an Chomhbheartais Talmhaíochta a chinneadh. Ba cheart, dá bhrí sin, aicmithe caighdeánacha agus sainmhínithe comhchoiteanna a úsáid a mhéid is féidir le haghaidh athróg.

(14) Na sonraí a bhfuil gá leo chun an staidreamh a chur le chéile, ba cheart iad a bhailiú, nuair is féidir, ar an mbealach is lú costais agus ualach riaracháin. Dá bhrí sin, is gá úinéirí féideartha fhoinsí na sonraí atá ag teastáil a shainaithint agus a áirithiú go mbeifí in ann na sonraí sin a úsáid le haghaidh staidrimh.

(15) Cumasaíonn na tacair sonraí atá le tarchur réimsí éagsúla staidrimh. Chun cloí le cur chuige solúbtha faoinar féidir staidreamh a oiriúnú nuair a thagann athrú ar cheanglais maidir le sonraí, níor cheart ach na réimsí, topaicí agus topaicí mionsonraithe a shonrú sa rialachán bunúsach, agus na tacair sonraí mionsonraithe a shonrú i ngníomhartha cur chun feidhme.

(16) Is ag dul i dtábhacht atá an táirgeadh orgánach óir is táscaire é ar chórais táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go bhfuil an staidreamh atá ar fáil maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach comhsheasmhach le staidreamh eile faoi tháirgeadh talmhaíochta, tríd an staidreamh sin a chomhtháthú sna tacair sonraí. Ba cheart an staidreamh faoi tháirgeadh orgánach a bheith i gcomhréir freisin leis an bhfaisnéis riaracháin a tháirgtear faoi Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [23] agus úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin.

(17) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [24], ba cheart aonaid chríche a shainiú i gcomhréir le haicmiú Ainmníocht na nAonad Críche um Staidreamh (NUTS).

(18) Ba cheart é a bheith indéanta sonraí a bhailiú maidir le hábhair *ad-hoc* a bhaineann le hionchur agus aschur talmhaíochta ag am áirithe chun na sonraí a bhailítear go tráthrialta a fhorlíonadh le sonraí comhlántacha i dtaca le hábhair a dteastaíonn níos mó faisnéise ina leith, feiniméin atá ag teacht chun cinn nó nuálaíochtaí.

(19) Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart díolúintí ó tharchur tráthrialta sonraí áirithe a cheadú, más beag a chuireann an Ballstát le hiomlán an Aontais Eorpaigh maidir leis na sonraí sin.

(20) Chun éifeachtúlacht phróisis tháirgeadh staidrimh an Chórais Staidrimh Eorpaigh a fheabhsú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú ar fhreagróirí, ba cheart an ceart a bheith ag Oifigí Staidrimh Náisiúnta (NSI) agus údaráis náisiúnta eile rochtain a fháil ar aon sonraí riaracháin agus iad a úsáid go pras agus saor in aisce, ar sonraí riaracháin iad a bailíodh chun críocha poiblí, gan beann ar na sonraí a bheith i seilbh comhlachtaí poiblí nó príobháideacha. Ba cheart Oifigí Staidrimh Náisiúnta agus údaráis náisiúnta

---

22 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

23 Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

24 Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

eile a bheith in ann na sonraí riaracháin sin a chomhtháthú le staidreamh, a mhéid a bheidh gá leis na sonraí sin chun staidreamh talmhaíochta Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

(21) Ba cheart do na Ballstáit nó d'údaráis náisiúnta fhreagracha féachaint le modhanna bailithe sonraí a nuachóiriú a mhéid is féidir. Ba cheart úsáid na réiteach digiteach a chur chun cinn.

(22) Chun an tsolúbthacht a áirithiú agus chun go laghdófar an t-ualach riaracháin ar fhreagróirí, ar na hOifigí Staidrimh Náisiúnta agus ar na húdaráis náisiúnta eile, ba cheart ligean do na Ballstáit leas a bhaint as suirbhéanna staidrimh, taifid riaracháin agus aon fhoinse eile, aon mhodh eile nó aon chur chuige nuálach eile, lena n-áirítear modhanna eolaíochtbhunaithe agus dea-dhoiciméadaithe mar shampla, iontráil go barúlach, meastachán agus samhaltú. Ba cheart cáilíocht, agus go háirithe cruinneas, tráthúlacht agus inchomparáideacht an staidrimh bunaithe ar na foinsí sin a áirithiú i gcónaí.

(23) Áirítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 forálacha maidir le tarchur sonraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) agus maidir le húsáid na sonraí sin, lena n-áirítear tarchur agus cosaint sonraí rúnda. Tá sé le háirithiú leis na bearta a ghlactar i gcomhréir leis an Rialachán seo go ndéanfar sonraí rúnda a tharchur agus a úsáid chun críocha staidrimh amháin i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

(24) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 déantar foráil maidir le creat tagartha le haghaidh staidreamh Eorpach agus ceanglaítear ar na Ballstáit na prionsabail staidrimh agus na critéir cháilíochta a shonraítear sa Rialachán sin a chomhlíonadh. Tá tuarascálacha cáilíochta ríthábhachtach chun cáilíocht an staidrimh Eorpaigh a mheasúnú, a fheabhsú agus chun cumarsáid a dhéanamh ina leith. D’fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach an struchtúr comhtháite aonair meiteashonraí mar chaighdeán an Chórais Staidrimh Eorpaigh le haghaidh tuairisciú cáilíochta, rud a chuideoidh trí chaighdeáin aonfhoirmeacha agus modhanna comhchuibhithe le comhlíonadh na gceanglas cáilíochta staidrimh a leagtar síos in Airteagal 12 (3) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Tá an caighdeán sin de chuid an Chórais Staidrimh Eorpach chun cur le comhchuibhiú an tuairiscithe cáilíochta a dhéantar faoin Rialachán seo

(25) Rinneadh measúnú tionchair i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais chun an clár staidrimh a bhunaítear leis an Rialachán seo a dhíriú ar an ngá atá le héifeachtacht maidir leis na cuspóirí a bhaint amach agus le srianta buiséid a chomhtháthú.

(26) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an staidreamh Eorpach ar ghabháltais talmhaíochta a tháirgeadh go córasach, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr na comhsheasmhachta agus na hinchomparáideachta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(27) Chun na riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh, ar riachtanais iad a eascraíonn go príomha as forbairtí nua sa talmhaíocht, as reachtaíocht athbhreithnithe agus as tosaíochtaí athraitheacha beartais, ba cheart an chumhacht

chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na topaicí mionsonraithe a liostaítear sa Rialachán seo a leasú agus chun na topaicí agus na topaicí mionsonraithe atá le soláthar agus aon socrú praiticiúil eile le haghaidh bhailiú na sonraí *ad hoc* mar a leagtar síos sa Rialachán seo a bhunú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn na hoibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr [25]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na Ballstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(28) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na tacair sonraí a ghabhann leis na topaicí agus na topaicí mionsonraithe a liostaítear san Iarscríbhinn agus gnéithe teicniúla na sonraí atá le soláthar a shonrú, chun liostaí agus tuairiscí na n-athróg agus aon socrú praiticiúil eile le haghaidh bhailiú na sonraí *ad hoc* a leagan síos agus chun socruithe praiticiúla agus ábhair na dtuarascálacha cáilíochta a leagan amach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [26].

(29) I gcás ina mbeadh gá le hoiriúnuithe móra ar chóras náisiúnta staidrimh de chuid Ballstáit dá gcuirfí an Rialachán seo chun feidhme, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, i gcásanna lena bhfuil údar cuí agus ar feadh tréimhse theoranta, maoluithe a dheonú do na Ballstáit lena mbaineann. D'fhéadfadh oiriúnuithe móra den sórt sin teacht chun cinn, go háirithe, ón ngá na córais bailithe sonraí a oiriúnú chun go gcumhdófar na ceanglais nua maidir le sonraí, lena n-áirítear an rochtain ar fhoinsí riaracháin.

(30) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis airgeadais agus riaracháin a ghearradh.

(31) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do Threoir 2003/4/CE [27] agus Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 [28].

(32) Ba cheart an comhar agus an comhordúchán idir na húdaráis laistigh de chreat an Chórais Staidrimh Eorpaigh a neartú chun comhleanúnachas agus inchomparáideacht

---

25 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

26 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

27 Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n- aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

28 Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO L 264, 25.9.2006, lch. 13).

an staidrimh talmhaíochta Eorpaigh a áirithiú a tháirgtear i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 338(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Déanann comhlachtaí eile de chuid an Aontais, nach iad na cinn sin dá dtagraítear sa Rialachán seo iad, agus eagraíochtaí eile sonraí a bhailiú freisin. Ba cheart, dá bharr sin, an comhar idir na heagraíochtaí sin agus iad siúd atá páirteach sa Chóras Staidrimh Eorpach a threisiú d'fhonn leas a bhaint as sineirgí.

(33) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear leis an Rialachán seo creat le haghaidh staidreamh Eorpach comhiomlánaithe maidir le hionchur agus aschur gníomhaíochtaí talmhaíochta, chomh maith le húsáid idirmheánach an aschuir sin laistigh den talmhaíocht agus bailiú agus próiseáil thionsclaíoch an aschuir sin.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe ‘gníomhaíocht talmhaíochta’, ‘limistéar talmhaíochta arna úsáid’, ‘aonad beostoic’, ‘gabháltas talmhaíochta’ agus ‘aonad talmhaíochta de thalamh coimín’, mar a leagtar síos in Airteagal 2, pointí (a), (b), (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2018/1091.

Thairis sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘fiontar déiríochta’ fiontar nó gabháltas talmhaíochta a cheannaíonn bainne gan bhearradh nó, i gcásanna áirithe, táirgí bainne, chun iad a iompú ina dtáirgí bainne; agus fiontair a bhailíonn bainne nó uachtar chun é a aistriú ina iomláine, nó chun cuid de a aistriú, gan aon phróiseáil chuig fiontair dhéiríochta eile;

(2) ciallaíonn ‘seamlas’ fiontar atá cláraithe agus faofa go hoifigiúil a bhfuil cead aige ainmhithe a mharú agus a chóiriú, ainmhithe a mbeartaítear a bhfeoil a úsáid mar bhia don duine;

(3) ciallaíonn ‘gorlann’ fiontar le haghaidh goradh uibheacha, goradh agus soláthar sicíní;

(4) ciallaíonn ‘aonad tuairiscithe’ an t-aonad lena soláthraítear na sonraí staidrimh;

(5) ciallaíonn ‘aonad breathnóireachta’ eintiteas in-sainaitheanta ar féidir sonraí a fháil ina thaobh;

(6) ciallaíonn ‘réimse’ tacar sonraí amháin nó níos mó a chumhdaíonn topaicí sonracha;

(7) ciallaíonn ‘topaic’ inneachar na faisnéise atá le tiomsú faoi na haonaid bhreathnóireachta; cumhdaíonn gach topaic roinnt topaicí mionsonraithe;

(8) ciallaíonn ‘topaic mhionsonraithe’ inneachar mionsonraithe na faisnéise atá le tiomsú faoi na haonaid bhreathnóireachta a bhaineann le topaic; cumhdaíonn gach topaic mhionsonraithe athróg amháin nó níos mó;

(9) ciallaíonn ‘tacar sonraí’ athróg chomhiomlánaithe amháin nó níos mó atá eagraithe i bhfoirm tábla;

(10) ciallaíonn ‘athróg’ airí de chuid aonaid ar a bhfuiltear ag breathnú a bhféadfadh níos mó ná ceann amháin de shraith luachanna a bheith ag gabháil leis;

(11) ciallaíonn ‘sonraí réamhsheiceáilte’ sonraí arna bhfíorú ag na Ballstáit, ar bhonn rialacha coiteanna maidir le bailíochtú, má tá a leithéid le fáil;

(12) ciallaíonn ‘sonraí *ad hoc*’ sonraí arb ábhar spéise ar leith d'úsáideoirí iad ag tráth sonrach ach nach n-áirítear sna gnáth-thacair sonraí;

(13) ciallaíonn ‘sonraí riaracháin’ sonraí arna nginiúint ag foinse nach foinse staidrimh í, a bhíonn i seilbh comhlacht poiblí nó príobháideach de ghnáth, agus nach é is príomhaidhm di staidreamh a chur ar fáil;

(14) ciallaíonn ‘meiteashonraí’ an fhaisnéis sin is gá chun a bheith in ann staidreamh a úsáid agus a thuiscint agus a chuireann síos ar shonraí ar bhealach struchtúrtha;

(15) ciallaíonn ‘úsáideoir gairmiúil’ aon duine a úsáideann táirgí cosanta plandaí agus é i mbun a chuid gníomhaíochtaí gairmiúla, lena n-áirítear oibreoirí, teicneoirí, fostóirí agus daoine féinfhostaithe, in earnáil na feirmeoireachta.

*Airteagal 3*

**Pobal staidrimh agus aonaid bhreathnóireachta**

1. Is éard a bheidh sa phobal staidrimh a bhfuil tuairisc le tabhairt air aonaid staidrimh ar nós gabháltais talmhaíochta, aonaid talmhaíochta de thalamh coimín, fiontair a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí i dtaca le talmhaíocht nó fiontair a cheannaíonn nó a bhailíonn táirgí gníomhaíochtaí talmhaíochta, agus fiontair a phróiseálann na táirgí talmhaíochta sin, go háirithe gorlanna, fiontair dhéiríochta agus seamlais.

2. Is iad na haonaid bhreathnóireachta a bhfuil ionadaíocht le déanamh orthu sa chreat staidrimh na haonaid staidrimh dá dtagraítear i mír 1, agus ag brath ar an staidreamh atá le tuairisciú, iad seo a leanas:

(a) talamh a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta;
(b) ainmhithe a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta;
(c) allmhairí agus onnmhairí tháirgí na ngníomhaíochtaí talmhaíochta ag fiontair neamhthalmhaíochta;

(d) idirbhearta agus sreabha maidir le tosca táirgthe, earraí agus seirbhísí chuig gníomhaíochtaí talmhaíochta agus uathu.

3. Is éard a bheidh sna haonaid tuairiscithe na haonaid staidrimh dá dtagraítear i mír 1 agus fiontair agus institiúidí eile a láimhseálann faisnéis i dtaobh na gceanglas maidir le sonraí dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 6.

*Airteagal 4*

**Ceanglais chumhdaigh**

1. Beidh an staidreamh ionadaíoch don phobal staidrimh a bhfuil sé ag tabhairt tuairisce air.

2. Maidir le réimse an staidrimh ar tháirgeadh ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a), cumhdófar leis na sonraí 95 % d'aonaid bheostoic gach Ballstáit agus na gníomhaíochtaí nó aschuir a bhaineann leo.

3. Maidir le réimse an staidrimh ar tháirgeadh barr dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), agus topaic na gcothaitheach dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (d)(i), cumhdófar leis na sonraí 95 % den limistéar talmhaíochta iomlán arna úsáid ag gach Ballstát (cé is moite de ghairdíní cistine) agus an méid táirgeachta a bhaineann leis.

4. Maidir le topaic na dtáirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (d)(iii), cumhdófar leis na sonraí na táirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh mar a shainítear in Airteagal 3, pointe 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar a thuilleadh na ceanglais chumhdaigh dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

*Airteagal 5*

**Ceanglais maidir le sonraí tráthrialta**

1. Cumhdófar leis an staidreamh a bhaineann le hionchuir agus aschuir na ngníomhaíochtaí talmhaíochta na réimsí agus na topaicí seo a leanas:

(a) staidreamh ar tháirgeadh ainmhithe
  - (i) beostoc agus feoil
  - (ii) uibheacha agus sicíní
  - (iii) bainne agus táirgí bainne

(b) staidreamh ar tháirgeadh barr
  - (i) táirgeadh barr
  - (ii) comharduithe barr
  - (iii) féarthailte agus féarach

(c) staidreamh ar phraghsanna talmhaíochta
    (i) innéacsanna praghsanna talmhaíochta
    (ii) praghsanna iomlána ionchuir
    (iii) praghsanna agus cíosanna talún talmhaíochta
(d) staidreamh ar chothaithigh agus táirgí cosanta plandaí
    (i) cothaithigh i leasacháin talmhaíochta
    (ii) comharduithe cothaitheach
    (iii) táirgí cosanta plandaí

2. Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh na topaicí mionsonraithe.

3. Tarchuirfear na sonraí chuig an gCoimisiún i bhfoirm tacair sonraí chomhiomlánaithe.

4. Déanfar na sonraí maidir le táirgeadh orgánach agus táirgí orgánacha lena gcomhlíontar Rialachán (AE) 2018/848 a chomhtháthú sna tacair sonraí.

5. Déanfar na sonraí réigiúnacha a sholáthar ar leibhéal NUTS2 a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003.

6. I gcás ina bhfuil leitheadúlacht íseal nó leitheadúlacht nialasach ag athróg i mBallstát, féadfar luachanna na hathróige sin a fhágáil ar lár ó na tacair sonraí a tharchuirfear, má tá an Ballstát lena mbaineann tar éis a léiriú don Choimisiún (Eurostat) go bhfuil údar cuí leis an athróg sin a fhágáil ar lár.

7. Baileoidh na Ballstáit faisnéis ábhartha maidir le praghsanna ionchuir agus aschuir thalmhaíochta, lena n-áirítear saintréithe agus meáchain na n-earraí agus na seirbhísí, chun innéacsanna praghsanna inchomparáide a thiomsú agus le haghaidh na n-athróg is gá le haghaidh na gcuntas eacnamaíoch talmhaíochta atá faoi chumhdach Rialachán (CE) Uimh. 138/2004.

8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun na topaicí mionsonraithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a leasú.

9. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na tacair sonraí atá le tarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) a shainiú. Sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin na gnéithe teicniúla seo a leanas de na sonraí atá le soláthar, i gcás inarb iomchuí:

(a) liosta na n-athróg;

(b) tuairiscí na n-athróg;

(c) na hathróga maidir le táirgeadh orgánach agus táirgí orgánacha;

(d) na hathróga ar an leibhéal réigiúnach;

(e) na haonaid bhreathnóireachta agus tuairiscithe;

(f) na ceanglais bheachtais;

(g) na rialacha modheolaíocha;

(h) na spriocdhátaí atá ann leis na sonraí a tharchur.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2) tráth nach déanaí ná 9 mí roimh thosach na bliana tagartha.

10. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí réamhsheiceáilte agus na meiteashonraí gaolmhara a tharchur trí bhíthin formáid theicniúil arna sonrú ag an gCoimisiún (Eurostat) le haghaidh gach tacair sonraí. Úsáidfear seirbhísí an phointe iontrála aonair chun na sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

*Airteagal 6*

**Ceanglais maidir le sonraí *ad hoc***

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 14 a mhéid a bhaineann le sonrú na faisnéise atá le soláthar ar bhonn *ad hoc*, má mheastar gur gá faisnéis bhreise a bhailiú. Sonrófar an méid seo a leanas sna gníomhartha tarmligthe sin:

(a) na topaicí agus na topaicí mionsonraithe a bheidh le cur ar fáil sa bhailiú *ad hoc* agus na cúiseanna atá leis na riachtanais staidrimh bhreise sin;

(b) na tréimhsí tagartha.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear i mír 1 ag tosú leis an mbliain tagartha *[cuir isteach 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin*] agus ar a laghad 2 bhliain idir gach bailiú sonraí *ad hoc*.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid seo a leanas a chur ar fáil:

(a) liosta athróg a bheidh le traschur chuig an gCoimisiún (Eurostat);

(b) tuairiscí ar na hathróga;

(c) na ceanglais bheachtais;

(d) na spriocdhátaí le haghaidh sonraí a tharchur.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15 tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh thosach na bliana tagartha.

*Airteagal 7*

**Minicíocht tarchurtha na dtacar sonraí**

1. Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh minicíocht tarchurtha na dtacar sonraí. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun gach minicíocht tarchurtha a shonrú a thuilleadh.

2. Féadfar Ballstát a dhíolmhú ó tharchurtha tráthrialta áirithe ar na sonraí i gcás ina bhfuil tionchar teoranta ag an mBallstát ar iomlán an Aontais Eorpaigh maidir le hathróg. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena dtabharfar sainmhíniú ar thairseacha le haghaidh athróg de réir modhanna sonracha ar bhealach nach ndéantar, le cur i bhfeidhm na dtairseach, an fhaisnéis faoi iomlán measta an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an athróg a laghdú níos mó ná 5 %. Déanfar na tairseacha a athbhreithniú ionas go gcomhfhreagróidh siad do na treochtaí a bhaineann le hiomláin an Aontais Eorpaigh, ar thionscnamh ón gCoimisiún (Eurostat).

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid seo a leanas a shonrú:

(a) an tairseach faoina meastar go bhfuil tionchar teoranta ag táirgeadh athróg ar chomhiomlán iomlán an Aontais Eorpaigh;

(b) foinse na sonraí agus an mhodheolaíocht atá le húsáid chun an tairseach a shainiú;

(c) na hathróga a mbeidh feidhm ag an díolúine seo maidir leo.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

*Airteagal 8*

**Foinsí sonraí agus modhanna**

1. Chun an staidreamh a bhaineann le hionchuir agus aschuir gníomhaíochtaí talmhaíochta a fháil, úsáidfidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na foinsí nó na modhanna seo a leanas, ar choinníoll go lamháiltear, mar thoradh ar an bhfaisnéis, staidreamh a tháirgeadh lena gcomhlíontar na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 10:

(a) suirbhéanna staidrimh nó modhanna eile bailithe sonraí staidrimh;

(b) na foinsí sonraí riaracháin a shonraítear i mír 2;

(c) aon fhoinse eile, aon mhodh eile nó aon chineál cur chuige eile.

2. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as aon fhaisnéis ón gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe (CCRR) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [29], ón gcóras chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [30] agus ón gcóras chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle [31], ón gclár fíonghort

---

29 Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

30 Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córais chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 ón gComhairle (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

31 Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle an 17 Nollaig 2003 lena mbunaítear córas chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8).

a cuireadh chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 145 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [32], agus ó chláir na feirmeoireachta orgánaí a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2018/848.

3. An staidreamh maidir le táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (d)(iii), soláthrófar é agus úsáid á baint as na taifid a choinnítear agus a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

4. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit taifid a iarraidh, i bhformáid leictreonach, ar úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí lena gcumhdófar ar a laghad ainm an táirge cosanta plandaí, an dáileog a chuirtear i bhfeidhm, an príomhlimistéar agus an barr mar ar úsáideadh an táirge cosanta plandaí i gcomhréir leis an Rialachán seo.

5. Na Ballstáit a chinnfidh úsáid a bhaint as na foinsí, na modhanna nó cineálacha cur chuige nuálacha dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1, cuirfidh siad an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas ina leith sin le linn na bliana roimh an mbliain tagartha ar lena linn a thabharfar isteach an fhoinse, an modh nó an cur chuige nuálach agus cuirfidh siad mionsonraí ar fáil i ndáil le cáilíocht na sonraí a fhaightear.

6. Na húdaráis náisiúnta atá freagrach as ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, beidh sé de cheart acu rochtain a fháil ar shonraí agus iad a úsáid, go pras agus saor in aisce, lena n-áirítear sonraí aonair ar fhiontair agus gabháltais talmhaíochta atá le fáil i gcomhaid riaracháin a tiomsaíodh ina gcríocha náisiúnta de bhun Airteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta agus úinéirí na dtaifead riaracháin na sásraí comhair is gá a bhunú le haghaidh rochtain den sórt sin. Deonófar an rochtain sin freisin i gcásanna ina bhfuil cúraimí tarmligthe ag an údarás inniúil do chomhlachtaí príobháideacha nó leathphoiblí, cúraimí atá le cur i gcrích thar ceann an údaráis inniúil.

*Airteagal 9*

**Tréimhse thagartha**

Bainfidh an fhaisnéis a bhaileofar le tréimhse thagartha amháin ar tréimhse choiteann í ag na Ballstáit uile trí thagairt don staid le linn achar ama sonraithe.

Is mar a shonraítear san Iarscríbhinn a bheidh an tréimhse thagartha le haghaidh gach topaice mionsonraithe. Tosóidh na chéad tréimhsí tagartha sa bhliain féilire *[cuir isteach an bhliain ag tosú ar an 1 Eanáir 18 mí tar éis a ghlactha]*.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na tréimhsí tagartha a shonrú a thuilleadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

---

32 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

*Airteagal 10*

**Cáilíocht agus tuarascáil cháilíochta**

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuirfear a áirithiú.

2. Áireoidh na Ballstáit go dtugann na sonraí arna bhfáil trí úsáid na bhfoinsí agus na modhanna a leagtar síos in Airteagal 8, go dtugann siad meastacháin chruinne maidir leis an bpobal staidrimh a shainítear in Airteagal 3 ar an leibhéal náisiúnta agus más gá, ar an leibhéal réigiúnach.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir cháilíochta a shainmhínítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

4. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) measúnú ar bhealach trédhearcach infhíoraithe ar cháilíocht na sonraí agus na meiteashonraí arna dtarchur.

5. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil cháilíochta ina mbeidh tuairisc ar na próisis staidrimh a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat), den chéad uair roimh an 31 Nollaig den bhliain *[cuir isteach an bhliain ag tosú ar an 1 Eanáir 30 mí tar éis a ghlactha]*, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, le haghaidh na tacair sonraí arna dtarchur le linn na tréimhse sin, lena n-áirítear go háirithe:

(a) meiteashonraí a thuairiscíonn an mhodheolaíocht a úsáideadh agus an chaoi ar baineadh amach na sonraíochtaí teicniúla faoi threoir na sonraíochtaí a leagtar síos leis an Rialachán seo;

(b) faisnéis maidir le comhlíonadh na gceanglas cumhdaigh mar a thuairiscítear in Airteagal 4, lena n-áirítear iad a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta.

6. Déanfar tuarascálacha modheolaíocha ar leith maidir leis an topaic mhionsonraithe '*Ualaí agus innéacsanna athbhunaithe'* a tharchur ag an am céanna leis na sonraí.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach na socruithe praiticiúla le haghaidh na tuarascálacha cáilíochta agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

8. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas, a luaithe is féidir, faoi aon fhaisnéis ábhartha nó aon athrú ábhartha i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar cháilíocht na sonraí a tarchuireadh.

9 Arna iarraidh sin don Choimisiún (Eurostat), cuirfidh na Ballstáit soiléiriú breise riachtanach ar fáil chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise staidrimh.

*Airteagal 11*

**Ranníocaíocht an Aontais**

1. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, féadfaidh an tAontas deontais a chur ar fáil do na hoifigí staidrimh náisiúnta agus d'údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 chun na costais cur chun feidhme a bhaineann le bailiú sonraí *ad hoc* a chumhdach.

2. Ní rachaidh an ranníocaíocht airgeadais sin ón Aontas thar 90 % de na costais incháilithe.

*Airteagal 12*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Beidh cumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gclár.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (33) agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle (34) d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontais nó le conradh a mhaoinítear faoin gclár.

4. Gan dochar do mhíreanna 1, 2 ná 3, beidh forálacha i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais a thiocfaidh as an Rialachán seo a chur chun feidhme, ar forálacha iad lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus

---

33 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

34 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.)

d'Oifig Eorpach Frith-Chalaoise iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

*Airteagal 13*

**Maoluithe**

1. I gcás ina dteastaíonn mór-oiriúnuithe i gcóras staidrimh náisiúnta de chuid Ballstáit chun an Rialachán nó na bearta cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndeonaítear maoluithe ar na Ballstáit go ceann uastréimhse 2 bhliain.

   Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh chuí-réasúnaithe le haghaidh deonú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh atá i gceist.

   Coinneofar chomh híseal agus is féidir an tionchar a bheidh ag na maoluithe sin ar inchomparáideacht shonraí na mBallstát nó ar ríomh na gcomhiomlán Eorpach a cheanglaítear ar bhealach tráthúil ionadaíoch. Agus an maolú á dheonú, cuirfear san áireamh an t-ualach ar fhreagróirí.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

*Airteagal 14*

**Tarmligean a fheidhmiú**

1 Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(8), in Airteagal 6(1 agus 2) a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ó *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin]*.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(8) agus in Airteagal 6(1 agus 2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(8), Airteagal 6(1 agus 2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 15*

**Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 16*

**Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 617/2008**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, scriostar míreanna 3, 4 agus 5;

(2) scriostar Airteagal 11;

(3) scriostar Iarscríbhinní III agus IV.

Beidh feidhm ag an leasú seo ón 1 Eanáir [*den bhliain 18 mí tar éis a ghlactha*].

*Airteagal 17*

**Aisghairmeacha**

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008, Rialachán (CE) Uimh. 543/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 agus Treoir 96/16/CE le héifeacht ón 1 Eanáir [*den bhliain féilire ag tosú ar a laghad 18 mí tar éis a nglactha*].

2. Déanfar tagairtí do na gníomhartha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 18*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir [*den bhliain 18 mí tar éis a ghlactha*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Staidreamh ar Ionchur agus Aschur Talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008, Rialachán (CE) Uimh. 543/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 agus Treoir 96/16/CE. |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

| |
|---|
| Táirgeadh an Staidrimh Eorpaigh |

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[35]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☒ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

| |
|---|
| Tá sé mar chuspóir ag an togra seo maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta (SAIO) cáilíocht, inchomparáideacht agus comhleanúnachas an staidrimh talmhaíochta Eorpaigh a fheabhsú ionas go mbeidh lucht ceaptha beartais, gnólachtaí agus an pobal i gcoitinne in ann cinntí a bhfuil údar cuí leo agus atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh.<br><br>Cumhdaítear le SAIO bailiú staidrimh talmhaíochta maidir le staidreamh ar tháirgeadh barr agus ainmhithe, staidreamh ar phraghsanna talmhaíochta agus staidreamh ar chothaithigh agus táirgí cosanta plandaí trí bhíthin creat-rialachán príomha agus gníomhartha cur chun feidhme. Ós rialachán é, beidh SAIO infheidhme go díreach i ngach Ballstát. Sonróidh na ceithre ghníomh cur chun feidhme liostaí agus tuairiscí na n-athróg agus ceanglais maidir le modheolaíochtaí den chuid is mó. Cuirfear an pacáiste dlíthiúil chun feidhme ar bhonn aonair sna Ballstáit trí na hathróga agus ceanglais eile a thrasuí i mbunachair sonraí náisiúnta, ceistneoirí etc. ón tráth a ghlactar na gníomhartha. Meastar go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an rialachán in 2022, agus na gníomhartha cur chun feidhme in 2023. |

1.4.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis*

[35] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

Bíonn comhbheartais thábhachtacha an Aontais, amhail an Comhbheartas Talmhaíochta, ag brath go mór ar staidreamh talmhaíochta ar leibhéal an Aontais atá inchomparáide, comhchuibhithe agus d'ardcháilíocht. Is fearr is féidir iad sin a bhaint amach trí rialacháin, ós rud é go bhfuil siad infheidhme go díreach sna Ballstáit agus nach gá iad a thrasuí sa dlí náisiúnta ar dtús.

Tar éis do SAIO teacht i bhfeidhm ina iomláine, ba cheart staidreamh talmhaíochta Eorpach a bheith ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit atá inchomparáide, comhchuibhithe agus d'ardcháilíocht agus lena bhforchuirtear ualach inghlactha ar fhreagróirí sonraí agus lucht táirgthe na sonraí i gcomparáid le tairbhí an staidrimh. Tá ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise ríthábhachtach chun go n-éireoidh le beartais ar nós an Chomhbheartais Talmhaíochta, ar beartas tábhachtach é ó thaobh spreagadh na fostaíochta agus an fháis chliste inbhuanaithe chuimsithigh san Aontas.

### 1.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is bunchloch den Chomhbheartas Talmhaíochta agus de bheartais éagsúla eile an Aontais Eorpaigh é an staidreamh talmhaíochta Eorpach leis na deicheanna de bhlianta anuas. Ní mór, áfach, an bunús dlí leo a thabhairt cothrom le dáta chun freagairt ar athruithe ar an talmhaíocht agus chun na saincheisteanna is mó a leigheas a aithníodh i meastóireacht an chórais staidrimh talmhaíochta Eorpaigh atá ann faoi láthair. Is iad seo a leanas na saincheisteanna sin:

1. An reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le staidreamh talmhaíochta, ní fhónann sí mar is ceart do na riachtanais sonraí atá nua nó ag teacht chun cinn

2. Níl an Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta sách solúbtha ná sách tapa ag fónamh do na riachtanais a thagann chun cinn

3. Ní sásúil a chomhchuibhithe agus a chomhleanúnaí atá an bailiú sonraí

4. D'fhéadfaí an staidreamh a tháirgeadh ar bhealach ní b'éifeachtúla

5. Táthar den tuairim go mbaineann ualach mór le staidreamh a sholáthar

### 1.4.4. *Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile*

Is cuid é an rialachán atá beartaithe de straitéis Eurostat maidir le staidreamh talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin, straitéis atá le bheith comhdhéanta de dhá chreat-rialachán maidir le staidreamh comhtháite feirme (IFS) agus staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta (SAIO) faoi seach, agus rialachán nuashonraithe maidir leis na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta (EAA). Beidh raon feidhme coiteann comhtháite sna trí rialachán agus roinnfidh siad an doiciméadacht theicniúil agus mhodheolaíoch, agus cumhdóidh siad in éineacht gach gné den straitéis maidir le staidreamh talmhaíochta.

1.5. **Fad agus tionchar airgeadais**

☐ **tréimhse theoranta**

☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

X **tréimhse neamhtheoranta**

Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh ó 2022 go 2024, agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

1.6. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[36]

X **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

X a dhéanann a ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

36 Is féidir teacht ar mhionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus ar thagairtí don Rialachán Airgeadais ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

| |
|---|
| Ní mór d'fhaighteoirí na ndeontas na sonraí a bailíodh agus na tuarascálacha cáilíochta a ghabhann leo a sholáthar. |

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme, na módúlachtaí íocaíochta agus an straitéis atá beartaithe*

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta a mhéid nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Leis an gCóras Staidrimh Eorpach, cuirtear bonneagar faisnéise staidrimh ar fáil. Tá an córas ceaptha chun freastal ar riachtanais úsáideoirí iomadúla, chun críche na cinnteoireachta i sochaithe daonlathacha. Dréachtaíodh an togra le haghaidh an Rialacháin seo chun príomhghníomhaíochtaí chomhpháirtithe an Chórais Staidrimh Eorpaigh a chosaint agus, ag an am céanna chun cáilíocht agus inchomparáideacht an staidrimh talmhaíochta a áirithiú agus a chinntiú.

Ceann de na príomhchritéir nach mór comhlíonadh leis na sonraí staidrimh go gcaithfidh siad a bheith comhsheasmhach agus inchomparáide. Ní féidir leis na Ballstáit comhsheasmhacht agus inchomparáideacht a bhaint amach mar is gá gan creat Eorpach soiléir a bheith ann, is é sin le rá reachtaíocht de chuid an Aontais lena leagtar amach coincheapa comhchoiteanna staidrimh, formáidí tuairiscithe agus ceanglais cháilíochta.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir an togra atá beartaithe a bhaint amach i gceart más ag gníomhú go neamhspleách ar a chéile a bheidh siad. Is féidir gníomhú ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais, ar bhonn gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais lena n-áirithítear inchomparáideacht na faisnéise staidrimh sna réimsí staidrimh a chumhdaítear leis an ngníomh atá beartaithe. Idir an dá linn, féadfaidh na Ballstáit na sonraí féin a bhailiú.

#### 2.2.1. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Rioscaí: saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cáilíocht agus tráthúlacht sonraí.

Córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú: An doiciméadacht theicniúil agus mhodheolaíoch agus na treoirlínte le cur chuig na Ballstáit roimh ré. Déanfar faireachán ar chomhlíonadh na spriocdhátaí. Déanfar grinnscrúdú ar na tuarascálacha cáilíochta.

*2.2.2. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar dhúnadh an chláir)*

Cuirfidh oifigigh de chuid an Choimisiúin na rialuithe i gcrích mar chuid dá ngnáthdhualgais. Is méadú ar cháilíocht agus ar inchomparáideacht sonraí an tairbhe a bhainfear as na rialuithe. Níltear ag súil ach le riosca beag earráide, óir tá bailiú sonraí don staidreamh talmhaíochta á dhéanamh i ndlúthchomhar leis na Ballstáit ó bhí na 1950í ann. D'fhéadfadh méadú beag a theacht sa ghearrthéarma ar an riosca earráide de thoradh córais theicniúla agus córais eile a bheith á gcur in oiriúint, ach táthar ag súil leis go dtitfidh an ráta riosca siar ar an meán idir an gearrthéarma agus an meántéarma.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

I dteannta na sásraí rialála uile a chur i bhfeidhm, déanfaidh Eurostat straitéis frithchalaoise a chur i bhfeidhm a bheidh i gcomhréir le gníomhaíochtaí frithchalaoise ginearálta an Choimisiúin. Áiritheofar ar an dóigh sin go mbeidh an cur chuige i leith bainistíocht riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus ar fhreagairtí iomchuí a shainaithint. Cuirfear grúpaí líonraithe agus uirlisí sonracha TF atá tiomnaithe d'anailís ar chásanna calaoise ar bun nuair is gá.

Shainigh Eurostat straitéis rialaithe a ghabhann le cur chun feidhme an chaiteachais. Tá na bearta agus na huirlisí sa straitéis sin infheidhme go hiomlán maidir leis an rialachán atá beartaithe. Ach castacht a laghdú, nósanna imeachta faireacháin atá cost-éifeachtach a chur i bhfeidhm mar aon le rialuithe *ex-ante* agus *ex-post* a bheidh bunaithe ar riosca a sheoladh, laghdófar an dóchúlacht go dtarlóidh calaois agus cuideofar chun cosc a chur uirthi. Is cuid den straitéis rialaithe iad bearta sonracha múscailte feasachta agus oiliúint ábhartha maidir le calaois a chosc.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid atá beartaithe

Ní fios cén tionchar airgeadais a bheidh ag an togra tráth a ghlacfar an Rialachán seo. Ní bhaineann ranníocaíocht an Aontais le bailiú tráthrialta sonraí staidrimh, ach le bailiú sonraí *ad hoc* amháin a shonraítear in Airteagal 6. Féadfaidh an chéad bhailiú sonraí *ad hoc* a dhéanamh 2 bhliain ar a luaithe tar éis na chéad bhliana tagartha i gcás go sainaithnítear riachtanas sonraí gan choinne a bhfuil údar cuí leis. Dá bhrí sin, ní féidir an tionchar airgeadais a shainaithint faoi láthair.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [...][Ceannteideal………………………... …………] | LD/LN[37]. | ó thíortha de chuid CSTE[38] | ó thíortha is iarrthóirí[39] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| | | LD/LN. | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

37 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

38 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

39 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | <….> | […][Ceannteideal……………...…………………………………………………… ……] |
|---|---|---|

| | | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (de réir na línte buiséid a liostaítear faoi 3.1) | Gealltanais | (1) | | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2) | | | | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach an chláir[40] | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh imchlúdach an chláir** | Gealltanais | =1+3 | | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | | | | | | | | | |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' a iontráladh ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach agus a uaslódáladh ar chóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

40 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | 0.300 | 0.300 | 0.300 | 2.100 | 2.100 | 2.100 | 2.100 | 2.100 in aghaidh na bliana | **9.300** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 in aghaidh na bliana | **0.210** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | | **9.510** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.330 | 0.330 | 0.330 | 2.130 | 2.130 | 2.130 | 2.130 | 2.130 in aghaidh na bliana | **9.510** |
| | Íocaíochtaí | | | | | | | | | |

*3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.300 | 0.300 | 0.300 | 2.100 | 2.100 | 2.100 | 2.100 | **9.300** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 | 0.030 | **0.210** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0.330 | 0.330 | 0.330 | 2.130 | 2.130 | 2.130 | 2.130 | **9.510** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7**[41] **of the multiannual financial framework** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 0.330 | 0.330 | 0.330 | 2.130 | 2.130 | 2.130 | 2.130 | **9.510** |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

41 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **Blianta** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | 2 | 2 | 2 | 14 | 14 | 14 | 14 |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [42]<br>Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Arna maoiniú as CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| Arna maoiniú as imchlúdach an chláir [43] | - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **2** | **2** | **2** | **14** | **14** | **14** | **14** |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | - bailíochtú ar shonraí<br>- tacaíocht agus obair mhodheolaíoch<br>- anailís ar thuarascálacha<br>- sonraí a scaipeadh<br>- bainistíocht ar dheontais a bhaineann leis an tionscnamh |
| Pearsanra seachtrach | |

[42] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[43] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

Leis an togra/tionscnamh seo:

☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[44] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Airteagal …. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| neamhbhainteach |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| neamhbhainteach |

[44] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.